

Figióirí fostaíochta sna ceantair Ghaeltachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuirisc ar ball faoi chúrsaí fostaíochta sna ceantair Ghaeltachta. Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

- 1) review _____
- 2) client companies _____
- 3) net loss _____
- 4) the body (organisation) _____
- 5) net increase _____
- 6) that were lost / let go _____
- 7) 19 jobs were created _____
- 8) over 220 jobs _____

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Freagair na ceisteanna seo a leanas:

- (a) Cé mhéad post a cruthaíodh anuraidh?
- (b) Cé mhéad cliantchomhlacht atá ag Údarás na Gaeltachta?
- (c) Cad é an figiúr buanfhostaíochta sna ceantair Ghaeltachta a luann Steve Ó Cualáin?
- (d) Cad iad na hearnálacha ar cuireadh poist leo i gContae Mhaigh Eo anuraidh?

Ceist 3 Éist leis an mhír uair amháin eile. Cad a deirtear faoi fhostaíocht sna háiteanna seo a leanas?:

Gaeltacht Chontae na Gaillimhe
Gaeltacht Chontae na Mí
Gaeltacht Phort Láirge

Ceist 4 ‘...líon na bpost...’

Tá an focal ‘post’ sa tuiséal ginideach iolra thuas agus is lagiolra é. Bíonn urú ar an ainmfhocal nuair a thagann an t-alt ‘na’ roimhe sa tuiséal ginideach iolra.

- (a) Seo roinnt samplaí eile. An féidir leat a rá an lagiolraí nó tréaniolraí iad? Cuir tic sa bhosca.

	Lagiolra	Tréaniolra
ríomhairí na n-iriseoirí		
dath na mbileog		
cártaí na mball		
ceol na n-éan		
seomra na ndaltaí		
pánaí na bhfuinneog		

- (b) Cum samplaí cosúil leis na cinn sa bhosca thuas chun na focail seo a leanas a chur sa tuiseal ginideach iolra:

eagraíocht	ceannairí na n-eagraíochtaí
bronnatanas	
ticéad	
bád	
cathaoir	
beartas	
ubh	

Ceist 5

- (a) Tá na focail 1-8 thíos le fáil sa mhír. An féidir leat na focail sa cholún ar chlé a cheangal leis na téarmaí cearta gramadaí sa cholún ar dheis?

1. eagraíocht	a. forainm réamhfhoclach
2. os cionn	b. réamhfhocal simplí
3. cruthaíodh	c. an t-alt
4. difriúil	d. ainmfhocal
5. de	e. réamhfhocal + an t-alt
6. ar an mbliain	f. briathar
7. iontu	g. réamhfhocal comhshuite
8. na	h. aidiacht

1	2	3	4	5	6	7	8

(b) Smaoinigh féin agus an duine in aice leat ar shamplaí eile de na téarmaí gramadaí atá luaite sa tábla thíos.

Ainmfhocal	
Réamhfhocal simplí	
An t-alt	
Forainm réamhfhoclach	
Réamhfhocal + an t-alt	
Aidiacht	
Réamhfhocal comhshuite	
Briathar	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

- An mbíonn tusa buartha faoi chúrsaí fostaíochta sa tír seo? Cén fáth?
- An mbeifeá sásta bogadh go dtí ceantar nó go tír eile chun obair a fháil?
- Cén Ghaeltacht is cóngaraí duitse? Cad atá ar eolas agat faoi na ceantair Ghaeltachta éagsúla sa tír?

Freagraí

Ceist 1

- | | |
|----------------------------|--|
| 1) review | <i>athbhreithniú</i> |
| 2) client companies | <i>cliantchomhlachtaí</i> |
| 3) net loss | <i>glanchaillteanas</i> |
| 4) the organisation (body) | <i>an eagraíocht</i> |
| 5) net increase | <i>glanmhéadú / glanardú</i> |
| 6) that were let go | <i>a ligeadh chun bealaigh / a scaoileadh chun siúil</i> |
| 7) 19 jobs were created | <i>cruthaíodh naoi bpost déag</i> |
| 8) over 220 jobs | <i>os cionn dhá chéad fiche post</i> |

Ceist 2

- (a) Cruthaíodh seacht gcéad post san iomlán.
 (b) Thart ar cheithre chéad cliantchomhlacht.
 (c) Seacht míle.
 (d) Na hearnálacha déantúsaíochta, tógála agus seirbhísí

Ceist 3.

Gaeltacht Chontae na Gaillimhe: Cruthaíodh dhá chéad tríocha is a cúig post, ach bhí glanchaillteanas d'fhiche is a ceathair post nuair a ghlactar san áireamh líon na bpost a d'imigh.

Gaeltacht Chontae na Mí: Cruthaíodh naoi bpost déag agus bhí glanmhéadú de cheithre phost.

Gaeltacht Phort Láirge: Cruthaíodh fiche post agus bhí glanmhéadú de shé phost déag i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Ceist 4 '...líon na bpost...'

- (a) Plé na freagraí leis na daltaí:

	Lagiolra	Tréaniolra
ríomhairí na n-iriseoirí		√
dath na mbileog	√	
cártaí na mball	√	
ceol na n-éan	√	
seomra na ndaltaí		√
pánaí na bhfuinneog	√	

(b) Éist leis na samplaí den ghinideach iolra a bheidh ag na daltaí.

eagraíocht	fostaithe na n-eagraíochtaí
bronntanas	...na mbronntanas
ticéad	...na dticéad
bád	...na mbád
cathaoir	...na gcathaoireacha
beartas	...na mbeartas
ubh	...na n-uibheacha

Ceist 5

(a)

1	2	3	4	5	6	7	8
d	g	f	h	b	e	a	c

(b) Éist le samplaí na ndaltaí de na téarmaí éagsúla gramadaí.

Ceist 6

Tabhair tamall do na daltaí na ceistanna a phlé i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

Léirigh an t-athbhreithniúⁱ a d'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta inniu ar an mbliain seo caite gur seacht gcéad post nua a cruthaíodh i gcliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis. Ach nuair a ghlactar an líon postannaíⁱⁱ lánaimseartha a ligeadh chun bealaigh san áireamh, glanchaillteanas de thríochaⁱⁱⁱ is a seacht post ar fad a bhí i gceist, an caillteanas is lú post le ceithre bliana déag, a deir an eagraíocht inniu.

Áine Lally

Tá thart ar cheithre chéad cliantchomhlacht ag Údarás na Gaeltachta a bhfuil daoine fostaíthe iontu ar fud na Gaeltachta. Anuraidh cruthaíodh seacht gcéad jab nua sna cliantchomhlachtaí sin.

Steve Ó Cúláin

Bhuel, táimid mar a chéile beagnach i mbliana ... táimid rud beag níos fearr i mbliana ná mar a bhí muid anuraidh ... níl mórán de dhifríocht ann. Tá an bhuanfostaíocht^{iv} de sheacht^v míle mar a chéile mar a bhí. Na seacht gcéad post a cruthaíodh, tá siad sin difriúil ó na seacht gcéad a cailleadh ar ndóigh.

Áine Lally

Os cionn dhá chéad fiche post a cruthaíodh i nGaeltacht Dhún na nGall in 2012. Nuair a ghlactar líon na bpost a scaoileadh chun bealaigh san áireamh, glanardú d'aon phost déag nua a bhí i gceist sa Ghaeltacht seo anuraidh.

Cuireadh le fostaíocht i gcomhlachtaí sna hearnála déantúsaíochta, tógála agus seirbhísí i nGaeltacht Mhaigh Eo an bhliain seo caite. Ochtó is a naoi post nua a cruthaíodh, sin glanmhéadú de thríocha is sé post nua ar an mbliain roimhe sin.

Cruthaíodh dhá chéad tríocha is cúig post nua i nGaeltacht na Gaillimhe anuraidh ach nuair a ghlactar líon na bpost a d'imigh san áireamh bhí glanchaillteanas de fiche is a ceathair post sa nGaeltacht seo.

Naoi bpost déag nua a cruthaíodh i nGaeltacht na Mí anuraidh. Tríd is tríd, bhí glanmhéadú de cheithre phost i gceist go hiomlán i nGaeltacht na Mí.

I nGaeltacht Chiarraí, cruthaíodh seasca is a hocht post in 2012. Nuair a ghlactar an líon post a d'imigh san áireamh, Bhí glanchaillteanas de fiche is a ceathair post san iomlán ann.

Cruthaíodh tríocha is a cúig post nua i nGaeltacht Chorcaí anuraidh. Bhí glanchaillteanas de fiche is a trí post ann nuair a thógtar san áireamh an líon post a scaoileadh chun siúil. Scór post a cruthaíodh i nGaeltacht Phort Láirge in 2012. Sin glanmhéadú de shé^{vi} phost déag i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

ⁱ 'an athbhreithniú' a deirtear

ⁱⁱ 'an líon post' atá sa chaighdeán

ⁱⁱⁱ 'de thríocha' a deirtear

^{iv} 'an buanfostaíocht' a deirtear

^v 'de seacht' a deirtear

^{vi} 'de sé' a deirtear